"Molaim fosta, mar atá molta agam thuas faoi mhisean na straitéise, go mbeadh dualgais na Comhairle faoin Chairt Eorpach agus faoin Bhille Féiniúlachta agus Teanga cuimsithe sa chlár oiliúna seo. Mar thoradh air seo, bheadh tuiscint níos doimhne ag oifigí na Comhairle ar a ndualgais i leith na Gaeilge faoin Chairt Eorpach agus faoin Bhille Féiniúlachta agus Teanga"

- **Oiliúint teanga do bhaill foirne**

"Ba cheart go mbeadh na míreanna traenála/ foghlama atá dírithe ar fhostaithe na Comhairle riachtanach do gach oibrí laistigh den Chomhairle agus go mbeadh an cúrsa féin creidiúnaithe ag dream seachtrach, Foras na Gaeilge mar shampla."

- **Iniúchadh inmheánach ar scileanna teanga an lucht foirne**

"Fáiltimid go bhfuil an Chomhairle ag díriú ar fhorbairt acmhainne agus traenáil d'fhostaithe na Comhairle cuimsithe sa straitéis seo ach dar linn nach mór na moltaí seo a leanas a chur san áireamh; i dtús báire, molaimid go mbeadh sé mar aidhm ag an Chomhairle, le linn saolré na straitéise seo agus sna straitéisí ar fad amach anseo, tabhairt faoi iniúchadh cuimsitheach ar chumas teanga na n-oifigeach."

- **Ba chóir don Chomhairle cur chuige iomlán dátheangach a ghlacadh**

"Ba cheart i bhfad níos mó a chur anseo maidir le "seirbhísí iomlána na comhairle"; go háirithe gach feachtas margaíochta a dhéanann an chomhairle, an suíomh idirlín, ábhar margaíochta agus feachtas. Molaim béim a chur ar gach seirbhís agus feachtas pobail a dhéanamh iomlán dátheangach ar gach ardán. Sin an sprioc atá le bheith dátheangach, bí dátheangach!"

- **Soiléiriú ar aistriúcháin sa Chomhairle**

"níl sé iomlán soiléir cad iad na cáipéisí atá agus a bheas á n-aistriú ag an

Chomhairle de réir na straitéise seo; molaimid go ndéantar cáipéisí foilsithe agus siúd atá ar fáil ar líne a rangú (catagóir A, B, C mar shampla; leis na cáipéisí is coitianta/is mó úsáide i gcatagóir A, agus na cáipéisí inmheánacha, corparáideacha i gcatagóir C).

- **Dátheangachas ar shuíomh gréasáin na Comhairle**

"Is fiú a lua nach bhfuil an Chomhairle, faoi láthair, ag feidhmiú de réir na coimhlinte a thug siad maidir le suíomh idirlín ina bpolasaí dátheangachais...Níl aon chuid den leathanach baile, seachas seoladh na Comhairle féin, i nGaeilge, d'ainneoin gurb é an leathanach baile an idirghníomh is luaithe a bhíonn ag daoine le suíomh na Comhairle. Chomh maith leis seo, ní hé 'Aonad na Gaeilge' an t-aon rannóg laistigh den Chomhairle a mbíonn pobal na Gaeilge ag plé leo..."

- **Níor chóir go mbeadh moill ar fhoilseacháin Ghaeilge ná ar fhoilseacháin dhátheangacha**

"Níor cheart go bhfoilsítear leaganacha Béarla de cháipéis ar bith de chuid na Comhairle roimh an leagan Gaeilge agus níor cheart go n-úsáidtear ganntanas ar aistriothoirí mar leithscéal chun é seo a dhéanamh."

- **Feasacht ar phobal na Gaeilge a ardú**

"Molaim chomh maith leis an ghníomh atá luaite cheana féin go n-agrófar ceardlanna, scéimeanna agus pacáistí eolais do Ghaelscoileanna sa cheantar maidir le himeachtaí agus seirbhísí Gaeilge na Comhairle go rialta (msh athchúrsáil, bithéagsúlacht, litreacha chuig Daidí na Nollag)."

- "Ba cheart go dtugann an Chomhairle faoi fheachtas ardaithe feasachta ar bhuntáistí an Ghaeloideachais agus an dátheangachais sa cheantar comhairle."

- "Molaimid go n-amharcann an Chomhairle ar an mhúnla atá i bhfeidhm i gComhairle Lár Uladh agus go n-úsáidtear fianaise an daonáirimh, mar aon le go rachfar i gcomhairle le Fóram an Dúin agus Oiriaila chun fáil amach cá bhfuil riachtanais an phobail."

- **Obair Óige, Gaeloideachas agus luathfhoghlaim a chur chun cinn**

"Could there be something incorporated into these actions with a specific focus on Irish education and youth work in the district? Irish medium schools and youth organisations are central to the development of the language."

- "need to look at early learning centres and kids activities- eg swimming lessons through medium of Irish language. and other Council provided programmes".

- **Spásanna nua teanga a chruthú**
 "Tá straitéis de dhíth ar an Chomhairle fá choinne áiteanna úra a chruthú i lár na cathrach."
- **Ag dul i ngleic leis an éadulaingt**
 "...Feictear dom gur ceart go mbeadh tagairt éigin sa chuid seo den straitéis go nglacfaidh an Chomhairle bearta réamhghníomhacha chun dul i ngleic le claontacht agus éadulaingt ar bith i leith na teanga; bíodh sin fríd cheardlanna ardaithe feasachta, nó cóiriú ar chomhartha ar bith a ndéanfar scríos air."
- **Ag ullmhú don reachtaíocht teanga**
 "Sílim gur ceart go mbeadh mír breise sa rannóg seo a leagann amach go soiléir na beartais a ghlacfaidh an Chomhairle ar theacht i bhfeidhm na reachtaíochta Gaeilge."
- "Molaimid go dtugtar coimítmint sa straitéis seo go ndéanfaidh an Chomhairle cinnte de go gcomhlíonfar gach caighdeán teanga a leagann an Coimisinéir Gaeilge amach..."
- **Scrúdú ar thionchar polasaithe agus monatóireacht**
 "Molaim chomh maith leis an Ghaeilge a phríomhshruthú i leith pleananna straitéiseacha agus ghnó, go ndéanfar scagadh ar aon pholasaí/cleachtas nua/uasdátaithe de chuid na Comhairle chun cinntiú gur cuireadh an tionchar a bheas aige seo ar dheiseanna úsáide/feiceálachta na Gaeilge san áireamh, mar aon leis an tionchar a bheas ag an pholasaí/plean/cleachtas ar phobal na Gaeilge."
- "Bheadh sé in a chuidiú dá mbeadh na dóigheanna go ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn an straitéis seo pléite."
- **Plean Gaeilge do na meáin shóisialta a fhorbairt**
 "Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm láithreach agus úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta a mhéadú trí fheachtas cuimsitheach, rialta poiblíochta ar mheáin shóisialta na Comhairle..."
- **Teacht an phobail ar mhaoiniú a éascú**
 "Molaimid go gcuireann Aonad na Gaeilge, i gcomhpháirt le grúpaí pobail áitiúla, ceardlanna ar fáil ar dheiseanna maoinithe seachtracha."
- "Molaimid go gcuireann an Chomhairle pota £5,000 ar fáil chun tacú le grúpaí ar mian leo imeachtaí a réachtáil mar chuid den Fhéile (Seachtain na Gaeilge), agus go ndéantar méadú ar an phota seo ar bhonn incriminteach agus de réir éilimh le linn saolré na straitéise seo."

5. Cothromaíocht deiseanna, dea-chaidrimh agus riachtanais tuaithe

Ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil tuiscint iomlán againn ar aon impleachtaí a bhaineann le cothromaíocht deiseanna, dea-chaidrimh agus riachtanais tuaithe. Ar an ábhar sin, fiafraíodh de na freagróirí:

'An bhfuil eolas agat ar aon impleachtaí ar chothromaíocht deiseanna, dea-chaidrimh nó riachtanais tuaithe a bhaineann le Dréacht-Straitéis na Gaeilge 2023-2027?'

Tugadh deis ansin d'fhreagróirí tuairimí breise a thabhairt maidir leis an méid thuas. Maidir le riachtanais tuaithe, bíodh na tráchtanna seo a leanas san áireamh:

- "Yes- start from the peripheries and move into the centre as opposed to the centre and hope that it reaches out to the rural and further to reach communities".

Ó thaobh na dtuairimí faoi chomhionannas agus dea-chaidrimh, léirigh roinnt freagróirí imní go bhfuil na hábhair a bhaineann leis an Ghaeilge "deighilteach" nó go mbraitheann pobail áirithe sa cheantar "míchompordach".

- "Forcing Irish signage in some areas is encouraging a backlash of hostility, reducing the use of public facilities. It is interpreted as weaponizing it by a section of the public, prompting suspicion, the spread of hostile symbols and flag flying."

Mhóthaigh roinnt freagróirí gur cheart don Chomhairle céimeanna breise a ghlacadh chun caoinfhulaingt agus cuimsiú pobail a chur chun cinn:

- "Is le gach duine an Ghaeilge agus níl aon impleachtaí diúltacha ar aon phobal a easraíonn as an Ghaeilge a chur chun cinn. Lean an dea-chleachtas idirnáisiúnta, go háirithe na moltaí atá sa Chairt Eorpach."
- "Is féidir go mbeidh dea-thionchar ó thaobh comhionannais deiseanna de ag polasaithe Gaeilge ar Phrotastúnaigh, ar aontachtóirí, ar dhaoine scothaosta agus ar mhionlaigh eitneacha fosta óir is grúpaí iad sin nach dócha go raibh deiseanna eile acu a bheith i dteagmháil leis an Ghaeilge."
- "Chomh maith leis seo, mar phríomh-údarás poiblí, tá dualgas ar an Chomhairle dea-chaidrimh a chur chun cinn. Is fiú a aithint chomh maith go ndearna Coimisiún an Chomhionannais uasdátú ar an sainmhíniú a thugann siad ar 'dhea-chaidrimh', a luann anois:

"Is ionann cur chun cinn dea-chaidreamh idir grúpaí éagsúla sa tsochaí agus a bheith ag cothú comh-mheasa, comh-thuisceana agus imeascadh agus iad ag dul i ngleic le leithcheal agus éadulaingt."

Freagra na Comhairle / Freagra na nOifigeach - Moltaí**Council response:**

- Bhí formhór na bhfreagraí dearfacha agus na freagróirí ag tacú leis an straitéis agus lena gníomhartha dearfacha. Cé gur fhreagair roinnt daoine go raibh siad i gcoinne Straitéis na Gaeilge, i mórán cásanna thug na freagróirí moltaí dearfacha ar fiú iad a mheas. Ó am go chéile, mheas na hoifigigh go raibh na moltaí a rinne na freagróirí cuimsithe faoi Gníomhartha Dearfacha a aithníodh cheana féin.
- Tháinig moladh suntasach chun tosaigh maidir le 'Tairiscint Ghníomhach'. Is é an rud atá i gceist le 'Tairiscint Ghníomhach' seirbhís a sholáthar i nGaeilge gan an dualgas a bheith ar an duine éigin í sin a iarraidh. Luaigh go leor freagróirí fosta an gá atá le feiceálacht na Gaeilge a mhéadú agus feasacht a ardú ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Go bunúsach, iarrann sé seo ar an Chomhairle cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus saoránaigh ag teacht ar sheirbhísí na Comhairle.
- Aithníonn an Chomhairle nach bhfuil tagairt dhíreach sa straitéis don Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 agus déanfar an straitéis a nuashonrú chun é seo a léiriú.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá chuspóir straitéiseacha atá beartaithe sa straitéis chomhionann maidir le stádas agus suntasacht.
- Is cáipéis bheo í Straitéis na Gaeilge agus cuirtear tuairiscí monatóireachta sé mhí na Straitéise faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge chun dul chun cinn a mheas.
- Maidir leis an chaoimhlaingt agus an chomhthuiscint a thógáil, is téamaí iad sin atá mar bhonn do mhisean na Comhairle le húsáid na Gaeilge a phríomhshruthú, caighdeán chomhionannais deiseanna a dhaingniú agus ceannaireacht a thabhairt.
- Glacann an Chomhairle leis go bhfuil sé tábhachtach feiceálacht na Gaeilge a mhéadú. Is gníomhartha dearfacha agus príomhbhearta feidhmíochta laistigh de Straitéis na Gaeilge iad go mbeadh suíomh gréasáin dátheangach ann agus go mbeadh an Ghaeilge feiceálach ar ardáin meán sóisialta na Comhairle.

- Maidir le cur chuige iomlán dátheangach a ghlacadh, tá an Chomhairle go fóill tiomanta don phrionsabal 'fíorú forásach' ina nglacfaidh muid céimeanna chun an Polasaí Dátheangachais a bhaint amach ar bhonn forásach ag baint úsáide as acmhainní inacmhainne.

Moltaí agus Gníomhartha:

- Straitéis na Gaeilge a leasú chun tagairt a dhéanamh do 'tairiscint ghníomhach' maidir le soláthar agus rochtain ar sheirbhísí.
- Mír 1.4 de Straitéis na Gaeilge a leasú chun clár corparáideach for-rochtana a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí agus ar thuiscint dhearfach i leith na Gaeilge.
- Mír 1.7 de Straitéis na Gaeilge a leasú chun tagairt a dhéanamh don Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 agus chun tiomantas na Comhairle a léiriú maidir le comhlíonadh na gcaighdeán a fhorbróidh Coimisinéir na Gaeilge amach anseo.
- Mír 1.5 de Straitéis na Gaeilge a leasú chun tagairt a dhéanamh do ghníomhartha a bhaineann le feasacht a ardú ar ardáin meán sóisialta na Comhairle agus ar na huirlisí Google Translate agus ReachDeck atá ar fáil faoi láthair ar shuíomh gréasáin an Chomhairle.
- Na focail 'gníomhach' agus 'forásach' a chur leis an fhís i ndrúacht-Straitéis na Gaeilge.
- Straitéis na Gaeilge a leasú leis an tréimhse 2024-2027 a chuimsiú.

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Straitéis na Gaeilge 2024-2027

Newry, Mourne and Down District Council

Irish Language Strategy 2024-2027



Clár an Ábhair

Intreoir	3
Creat Straitéiseach – Misean, Fis agus Luachanna	3
Cuspóirí Straitéiseacha	4
Creat an tSoláthair	4
Struchtúr agus Rialachas	5
Monatóireacht agus Athbhreithniú	5
Plean Gníomhaíochta	6

1. Intreoir

Aithníonn Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin gur dlúthchuid lárnach de chreatlach chultúir, oidhreacht agus féiniúlachta an cheantair í an Ghaeilge. Tá pobal Gaeilge láidir méadaitheach ina chónaí, ag obair, ag cuartaíocht agus ag bualadh le chéile i gceantar na Comhairle.

Tá an Chomhairle fós tiomanta do na cuspóirí atá leagtha amach i bPolasaí Dátheangachais na Comhairle agus déanfaidh muid iad a chur chun cinn go gníomhach; cuireadh na struchtúir riachtanacha i bhfeidhm le hé a chinntiú go mbeidh rath agus bláth inbhuanaithe ar an Ghaeilge agus ar an Ghaelphobal.

Aithníonn an Chomhairle, fosta, gur tugadh isteach an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 agus go gcaithfidh an Chomhairle ullmhú do na caighdeáin teanga a d'fhéadadh Coimisinéir Gaeilge a chruthú amach anseo.

Ag tógáil ar Straitéis na Gaeilge 2020-2023, tá Straitéis na Gaeilge forbartha againn don tréimhse 2024-2027. Leagann an Straitéis (2024-2027) amach go leanfaidh an Chomhairle leis:

- an Ghaeilge a mhéadú i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna
- an Ghaeilge a úsáid ina cuid cumarsáide leis an phobal agus le páirtithe leasmhara; agus
- an Ghaeilge a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothú fud fad an cheantair.

2. An Creatchlár Straitéiseach – misean, fíis agus luachanna

Tá misean na Comhairle leagtha amach ina dhá chuid:

- Comhshaol tacúil a chruthú do ghnáthúsáid na Gaeilge i riarachán inmheánach na Comhairle agus ina cuid gnóthaí le comhlachtaí poiblí eile agus leis an phobal féin.
- Caighdeáin cothromaíochta deiseanna a neadú, dul i ngleic le constaicí maidir le heolas agus seirbhísí, forbairt na Gaeilge a chur chun cinn, agus ceannasaíocht a léiriú le freastail ar riachtanais léirithe de chuid na bpobal Gaeilge atá ann cheana, chomh maith leo siúd atá ag teacht chun cinn.

Is í fíis na Comhairle do Straitéis na Gaeilge 2024-2027:

- Comhshaol tacúil inbhuanaithe a chruthú d'úsáid agus d'athghiniúint na Gaeilge sa saol poiblí, pearsanta, eacnamaíochta agus pobail.

Ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach, glacann muid treoir ó na cúig bunluach atá aitheanta i bPlean Corparáide na Comhairle 2023-2027:

- **Comhoibriú:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le daoine eile
- **Freagrúil:** Éistfidh muid le dearcthaí achan duine agus freagróidh muid go hoscailte agus go dearfach iad

- **Comhpháirtíocht:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí agus baill foirne le riachtanais a mheas agus lenár gcuid seirbhísí a fheabhsú
- **Inmharthanacht:** Déanfaidh muid ár seirbhísí a nua-chóiriú agus a nuáil chun an ceantar a fhorbairt don ghluin seo agus do na glúnta atá amach romhainn; agus,
- **Trédhearcacht:** Déanfaidh muid ár gcinntí agus leithdháileadh acmhainní go hoscailte agus tiocfaidh an t-eolas dóibh ó fhianaise neamh-chlaonta.

Chomh maith leis na bunluachanna seo, tá rún againn bheith gníomhach agus forásach inár misean.

3. Cuspóirí Straitéiseacha

Is iad an dá chuspóir straitéiseacha atá ag Straitéis na Gaeilge 2024-2027:

Cuspóir Straitéiseach 1: Forbairt na Gaeilge a éascú, a chumasú agus a spreagadh laistigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin mar eagraíocht agus laistigh den cheantar féin.

Cuspóir Straitéiseach 2: Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.

4. Creat an tSoláthair

4.1 Ionas go mbainfear an dá chuspóir straitéiseacha amach, bainfidh muid úsáid as:

- **Gníomhartha dearfacha:** na mionsonraí agus scála na ngníomhartha
- **Measúnú feidhmíochta:** ag léiriú a éifeachtaí is atá an straitéis ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach
- **Torthaí:** na hathruithe a tharlóidh mar thoradh ar an ghníomh
- **Freagracht:** cé atá freagrach as an ghníomh a chur i gcrích
- **Amscála:** cén uair a chuirfear an ghníomh i gcríoch

Tagann na gníomhartha le Plean Corparáide na Comhairle, agus leis an Pholasaí Dátheangachais chun úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla i gceantar na Comhairle a éascú agus a spreagadh trí:

- rochtain ar sheirbhísí agus eolas a mhéadú de réir a chéile;
- chumas phobal na Gaeilge a mhéadú, rannpháirtíocht chathartha a mhéadú, chomhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh;
- inbhuanaitheacht agus inmharthanacht earnáil phobal na Gaeilge a fheabhsú;
- theagmháil agus líonrú a fhorbairt idir na pobail Gaeilge agus na hEarnálacha Reachtúla agus Deonacha;
- leithdháileadh buiséid cuí, monatóireacht, measúnú agus athbhreithniú.

5. Struchtúr agus Rialachas

Tá Aonad na Gaeilge sa Chomhairle freagrach as Straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Tá an tAonad ina chuid de Rannóg an Pholasaí Chorporáidigh atá faoi Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáide na Comhairle.

Tá ról lárnach ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge maidir le cur i bhfeidhm Straitéis na Gaeilge a phlé agus a mheas. Níl an t-údarás ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge cinntí a dhéanamh, ach amháin moltaí a thabhairt. Cuirtear na moltaí a thagann ón Ghrúpa seo faoi bhráid Choiste Straitéise, Polasaí agus Acmhainní na Comhairle.

6. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ullmhófar tuairiscí gach sé mhí agus cuirfear faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge iad.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar Straitéis na Gaeilge le deimhniú go bhfuil na gníomhartha agus an buiséad a bhaineann léi go fóill ábhartha agus cuí.

Cuspóir Straitéiseach 1		Forbairt na Gaeilge a éascú, a chumasú agus a spreagadh laistigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin mar eagraíocht agus laistigh den cheantar féin.	
Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht
			Amscála
<p>1.1</p> <p>Seirbhísí lámacha Gaeilge a chur ar fáil trí Aonad na Gaeilge (AnaG)</p>	<ul style="list-style-type: none"> Aistriúchán & Ateangaireacht Comhairle & Tacaíocht Taighde faoi: Chomharthaíocht / Ainmniú sráide & easláit tithíochta Uasdátú ar an acmhainn logainmneacha Clár le feasacht agus tuiscint i leith na Gaeilge a ardú Clár Sheachtain na Gaeilge 	<p>Bunseirbhísí Gaeilge á gcur ar fáil don Chomhairle, gach Roinn agus Seirbhís, chomh maith leis an phobal</p> <p>An Ghaeilge agus Aonad na Gaeilge á gcur chun cinn go dearfach agus dearcthai i leith na Gaeilge a fheabhsú</p> <p>Cur le tuiscint agus eolas i leith an Pholasaí Dátheangachais, Nósanna Imeachta agus Treoirínte</p>	<p>Aonad na Gaeilge (AnaG)</p> <p>Croí-obair leanúnach an Aonaid (AnaG)</p>
<p>1.2</p> <p>Córas soiléir agus treoirínte a fhorbairt agus a reáchtáil i dtaca le cáipéisí corparáideacha, comharthaíochta srl a aistriú</p>	<ul style="list-style-type: none"> Pacáiste ríomhfhoghlama a fhorbairt do bhaill foirme Cur i láthair ar an chóras a dhéanamh ar Teams le hachair ama á bplé mar chuid dó An seoladh rpholist ILUtranslations@nmandd.org a chruthú Bogearraí aistriúcháin a cheannach agus a úsáid 	<p>Tuiscint níos fearr a chothú ar an phróiseas aistriúcháin</p> <p>Dea-thionchar ar chaidrimh le ranna eile trí chumarsáid éifeachtach</p> <p>Ardú in éifeachtúlacht agus cruinneas sa phróiseas aistriúcháin</p> <p>Caidrimh a thógáil taobh istigh den Chomhairle agus le ranna rialtais</p>	<p>Aonad na Gaeilge (AnaG)</p> <p>TF</p> <p>Foireann Foghlama agus Forbartha</p> <p>Eanáir 2024</p>
<p>1.3</p> <p>Pacáiste ríomhfhoghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn; maidir le feasacht teanga, Straitéis Gaeilge na Comhairle, an Polasaí Dátheangachais agus a Nósanna Imeachta, agus maidir le Treoirínte</p>	<p>Lion na ndaoine ag glacadh seisiún eolais / traenála ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> Fheasacht teanga Shamplaí dea-chleachtais ar fud na heagraíochta <p>2 cheardlann ar a laghad gach bliain ar an Pholasaí Dátheangachais & Nósanna Imeachta agus Treoirínte</p>	<p>Aonad na Gaeilge ag cur na Gaeilge chun cinn i Seirbhísí na Comhairle / constaicí i leith na teanga a shárú</p> <p>Cur chuige leanúnach maidir le cur chun cinn na Gaeilge i seirbhísí na Comhairle</p> <p>Caighdeán seasmhach i leith</p>	<p>AnaG</p> <p>TF</p> <p>Foireann Foghlama agus Forbartha</p> <p>An Roinn Cumarsáide agus Margatíochta</p> <p>Leanúnach</p> <p>Athbheithní ú ar an Pholasaí Dátheangachais, Nósanna Imeachta</p>

<p>d'fhostaithe na Comhairle</p> <p>Athbheithniú ar an Pholasáí Dátheangachais, Nósanna Imeachta agus Treoirinte d'fhostaithe na Comhairle</p>	<p>Polasáí Dátheangachais Athbheithnithe</p> <p>Nósanna Imeachta an Pholasáí Dátheangachais athbheithnithe</p> <p>Treoirinte athbheithnithe d'úsáid na Gaeilge i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin</p>	<p>soláthar seirbhísí, ag teacht le treoirinte Bhranda Corparáideach</p> <p>Treoirinte d'fhostaithe na Comhairle</p>	<p>agus Treoirinte d'fhostaithe na Comhairle le déanamh Eanáir 2025</p>
<p>1.4</p> <p>An Ghaeilge a phríomhshruthú i leith pleananna straitéiseacha agus ghnó, chomh maith le socrúithe oibríochta le béim faoi leith ar sheirbhísí a mbíonn ag plé go díreach leis an phobal</p> <p>Ciár comparáideach for-rochtana a fhorbairt le tuiscint agus dearccháí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.</p>	<p>Cruinnithe le Stiúrthóireachtaí / réimse seirbhísí</p> <p>Sonraí na leasuithé / Líon na gclár atá curtha in ord tosaíochta</p> <p>Cruinnithe le hOifigigh Toghcheantar (DEA)</p> <p>Líon na n-imeachtaí for-rochtana</p>	<p>An dátheangachais a phríomhshruthú go hinmheánach i bhfeidhmeanna na Comhairle, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>An Ghaeilge a dhéanamh níos so-fheicthe agus á cur chun cinn ag leibhéal sholáthar seirbhíse</p> <p>Feabhsú maidir le dearccháí dearfacha agus tuiscint i leith na Gaeilge</p>	<p>AnaG</p> <p>Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí / Ionaid Sheirbhísí cuí</p>
<p>1.5</p> <p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta a fhorbairt agus a chaomhnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ascnamh sonraí • Ábhar Gaeilge ar shuíomh agus meáin shóisialta na Comhairle a chur i dtús áite, modhnóireacht a dhéanamh air agus é a 	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta dátheangach atá ag feidhmiú</p> <p>Líon na bpostálacha dátheangacha (Gaeilge / Béarla) ar chainéil na Comhairle</p> <p>Líon na bpostálacha a thugann eolas don phobal ar sheirbhísí reatha na Comhairle atá ar fáil trí Ghaeilge</p>	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta na Comhairle a fhorbairt, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>Ag feidhmiú agus ag freastal ar riachtanais pobail na Gaeilge sa cheantar agus níos faide i gcéin</p> <p>Eolas níos fearr a bheith ag an</p>	<p>AnaG</p> <p>Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí / Ionaid Sheirbhísí cuí</p>

<p>uasdátú</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá Aonad na Gaeilge ag cur leis an tsuíomh atá ann le heolas ar AnaG agus na seirbhísí cuí chomh maith le nasc chuig Straitéis na Gaeilge agus an eolas cuí 		<p>phobal ar uirlisí teanga atá in úsáid ag an Chomhairle faoi láthair (Google Translate agus barra uirlisí ReachDeck san áireamh)</p>	<p>AnaG</p> <p>Iarsmalanna</p> <p>Cumarsáid & Margaíocht</p> <p>Foireann Ealaíon agus Imeachtaí</p> <p>Foireann Rannpháirtíocht sa Phobal</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.6</p> <p>Ciár Imeachtaí a fhorbairt i éineacht leis an Roinn Cumarsáide agus Margaíochta, na hIarsmalanna, na hIonaid Phobail agus na hIonaid Ealaíon</p>	<p>Bolscaireacht a dhéanamh ar ábhar agus imeachtaí i bhfad roimh na himeachtaí</p>	<p>An Ghaeilge a dhéanamh níos so-fheicthe agus ar shuíomh agus chainéil meán sóisialta na Comhairle</p> <p>Daoine a mhealladh isteach in ionaid de chuid na Comhairle chun sult a bhaint as imeachtaí Gaeilge / dátheangacha</p>	<p>AnaG</p> <p>Iarsmalanna</p> <p>Cumarsáid & Margaíocht</p> <p>Foireann Ealaíon agus Imeachtaí</p> <p>Foireann Rannpháirtíocht sa Phobal</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.7</p> <p>Ullmhúchán a dhéanamh maidir leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 a chur i bhfeidhm, agus gealltanais reachtacha na Comhairle a chomhlíonadh</p>	<p>Cruinnithe le príomh-eagraíochtaí na Gaeilge – leagmháil rialta le Conradh na Gaeilge maidir leis an fhorbairt reachtataochta</p> <p>Cruinnithe le hOifigigh Gaeilge i gComhairlí Áitiúla eile le cúlraí a phlé agus eolas a dhéanamh dár gcuid ullmhúcháin féin maidir le plean gnímh a chur le chéile</p>	<p>A hullmhaithe is atá an Chomhairle do chaighdeáin teanga a fhorbróidh Coimisinéir na Gaeilge nuair a ceaptar é</p>	<p>AnaG</p> <p>Polasáí</p> <p>Corparáideach</p> <p>Conradh na Gaeilge</p> <p>Comhairlí Áitiúla eile</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.8</p> <p>Tuairiscí monatóireachta gach sé mhí le dul faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Tras-Pháirtí um</p>	<p>Tuairiscí monatóireachta déanta</p>	<p>Monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis na Gaeilge, chomh maith le hathbhreithniú agus measúnú</p>	<p>AnaG / Polasáí</p> <p>Corparáideach</p>	<p>Gach sé mhí le linn na straitéise</p>

<p>Straitéis na Gaeilge</p>				
<p>1.9 Forbairt acmhainne agus traenáil i leith na Gaeilge d'fhostaithe agus Bhaill Tofa:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Conair Forbartha Gairmiúla i leith na Gaeilge á bunú ag Acmhainní Daonna d'fhostaithe agus Bhaill Tofa; • Tacaíocht forbartha leanúnach a chur ar fáil do rannóga na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Polasai Dátheangachais na Comhairle agus na Nósanna Imeachta a bhaineann leis; • Cur chuige traidisiúnta, chomh maith le ríomhfhoghlaim • Scéim phiolótach le 10 bhfostaí ar dtús agus ag leathnú amach chuig grúpa is mó 	<p>Scileanna sa Ghaeilge á dtairiscint mar dheis don forbairt fhoghlama agus ghairmiúil – mar scéim phiolótach ar dtús agus ag forbairt go líon daoine níos airde</p> <p>Líon na ndaoine a fhreastalaíonn</p> <p>Pacáiste r-fhoghlama a fhorbairt</p>	<p>Feabhsú i dtaca le scileanna agus eolas na bhfostaithe</p> <p>Fostaithe a bheith níos ábalta Polasai Dátheangachais na Comhairle a chur i bhfeidhm agus a phríomhshruthú i bhfeidhmeanna na Comhairle chomh maith trína róil rannpháirtíochta pobail</p>	<p>AnaG</p> <p>Orfigeach Oiliúna & Forbartha in Acmhainní Daonna</p> <p>IT</p>	<p>Curtha ar fáil agus athbhreithniú the go bliantúil i rith thréimhse na Straitéise</p> <p>Aibreán 2024 nó roimhe sin</p>
<p>1.10 Prionsabail inchosanta neamh-chlaonta maidir le scileanna Gaeilge a chur i bhfeidhm mar chuid de phróisis earcaíochta agus roghnúcháin</p>	<p>Líon na bpost a chuireann an Ghaeilge mar chritéar riachtanach nó inmhinianaithe</p>	<p>Feabhsú i dtaca le scileanna agus eolas na bhfostaithe</p> <p>Seirbhís níos fearr do phobal na Gaeilge</p>	<p>Acmhainní Daonna</p> <p>AnaG</p> <p>Polasai Corparáideach</p>	<p>Leanúnach</p>

<p>1.11 Leanúint le léarscáilíú Infreastruchtúir Phobal na Gaeilge</p>	<p>Comhtháthú léarscáil infreastruchtúir na Gaeilge le freastal ar fhorbairt phobal na Gaeilge</p> <p>Comhoibriú leis an Fhoireann Fhianaise agus Taighde chun léarscáilíú Infreastruchtúir Phobal na Gaeilge a fhorbairt mar ghrafaic eolais a bhfuil logainmneacha leagtha amach air go dátheangach</p>	<p>Eolas is fearr ar infreastruchtúir Phobal na Gaeilge</p> <p>Feabhsú i dtaca le comhionannas deiseanna do chónaitheoirí ar mhaith leo rochtain a bheith acu ar sheirbhísí Gaeilge fud fad an phobail</p>	<p>AnaG</p> <p>Rannpháirtíocht Pobail</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.12 Athbhreithniú ar Straitéis na Gaeilge 2024 - 2027</p>	<p>Athbhreithniú ceithre bliana ar Straitéis na Gaeilge</p>	<p>Monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú ar Straitéis na Gaeilge 2024-2027 agus Straitéis na Gaeilge nua a fhorbairt</p>	<p>AnaG</p> <p>Polasáí Corparáideach</p>	<p>Samhain 2026 – Aibreán 2027</p>

Cuspóir Straitéiseach		Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus compháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.			
2	Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht	Amscála
<p>2.1 Feasacht i leith sheirbhísí na Comhairle a fhorbairt i measc Phobal na Gaeilge agus a fheabhsú tríd an chur chuige 'Tairiscint Ghníomhach'</p>	<p>Líon na seirbhísí ábhartha a chuirtear chun cinn</p>	<p>Tuiscint níos fearr a bheith ag daoine ar sheirbhísí na Comhairle i leith na Gaeilge</p>	<p>Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí cuí</p>	<p>Leanúnach</p>	
<p>2.2 Tacú le forbairt leanúnach Fóram an Dúin & Oiriaila</p>	<p>Méid na gcrúinnithe a bhíonn ag an Fóram</p> <p>Líon na ndaoine a bhíonn i láthair</p> <p>Líon na ngrúpaí a bhíonn i láthair</p>	<p>Borrhadh ar rannpháirtíocht pobail i leith ceisteanna tábhachtacha</p> <p>Fás ar inbhuanaitheacht eagraíochtaí pobail Gaeilge</p>	<p>AnaG</p>	<p>Leanúnach</p>	

2.3	Líon na n-iarraitasóirí	Forbairt agus athnuachan Phobal na Gaeilge, agus cúnaimh airgeadais a úsáid le rannpháirtíocht sa Ghaeilge a spreagadh trí:	Aonad na gClár	Go bliantúil
<p>Clár Scéim Cúnaimh Airgeadais Gaeilge a chur i bhfeidhm</p>	<p>Líon na n-iarraitasóirí rathúla</p> <p>Líon na rannpháirtithe sna tograí rathúla – i gcomhairle le hAonad na gClár</p>	<p>a) Tionscnaimh a chothaíonn acmhainn an phobail, meantóireacht, agus obair dheonach a fhorbairt. Táthar ag súil go spreagfaidh sé seo comhoibriú idir na pobail Ghaeilge atá forbartha agus pobail Ghaeilge nua, nó atá go fóill ag fás agus ag forbairt, chun acmhainní a roinnt, líonraí a neartú agus obair dheonach a spreagadh.</p> <p>b) Tionscnaimh rannpháirteachais pobail a fhorbraíonn caidreamh dearfach, a mhéadaíonn tuiscint agus feasacht teanga, a théann i ngleic le tuairimí agus a spreagann meas don Ghaeilge.</p>	<p>AnaG</p>	<p>Go bliantúil</p>
<p>2.4</p> <p>Aird a tharraingt ar dheiseanna maoinithe eile do ghrúpaí Gaeilge seachas scéimeanna na Comhairle</p>	<p>Líon na ndeiseanna maoinithe eile, nach ón Chomhairle iad, a dtarraingítear aird orthu</p> <p>Líon na seisiún eolais / cur i láthair (ar líne nó duine le duine) le grúpaí Gaeilge</p>	<p>Tacaíocht a chur ar fáil d'iarraitasóirí atá in ann cur isteach ar dheiseanna maoinithe nach ón Chomhairle iad</p> <p>Eolas a roinnt maidir le sruthanna maoinithe</p> <p>Cumas na ngrúpaí Gaeilge a thógáil le teacht ar mhaoiniú</p>	<p>AnaG</p> <p>Eagraíochtaí seachtracha maoinithe</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>2.5</p> <p>Scéim Sparánachta na Gaeilge a</p>	<p>Méid na n-iarraitas</p>	<p>Tacaíocht curtha ar fáil do dhaoine lena gcuid scileanna Gaeilge a</p>	<p>AnaG</p>	<p>Go Bliantúil</p>

chur i bhfeidhm	Líon na n-iarraitasóirí rathúla	fheabhsú trí sparánachtaí a chur ar fáil chun freastal ar chúrsaí Gaeilge, cuirtear san áireamh: coláistí Gaeltachta, dianchúrsaí agus cúrsaí agus modúil tríú leibhéal	IT	Eanáir 2024
Córas ríomhbhainistithe a fhorbairt	Méid bronnta Méid ama a ghlactar chun iarraitais agus éilimh a phróiseáil	Córas iarraitais SSNG a nuachóiriú		
2.6 Comhoibriú díreach leis an earnáil oideachais, chomh maith le comhoibriú le Cumann na bhFiann (eagraíocht a oibríonn go díreach le daoine óga)	Méid na scoileanna a n-oibrítear leo Líon na ndaltaí ag freastal ar cheardlanna Líon na gclubanna óige a bhunaítear	Caidrimh fhiúntacha curtha ar bun agus caomhnaithe leis an earnáil oideachais Tacaíocht á tabhairt don eamáil dheonach trí dheiseanna do dhaltai scoile a chur chun cinn	AnaG Eamáil oideachais	Leanúnach
2.7 Ineachtaí agus ábhar fise (ar na meáin shóisialta) a fhorbairt agus a chur chun cinn	Líon na n-imeachtaí Líon na sraitheanna fise á roinnt go bliantúil agus á gcur i gcartlann ar líne Líon na n-ionad Comhairle a úsáidtear d'imeachtaí Líon amharc agus rannta ar na meáin shóisialta	Ábhar Gaeilge a bheith níos sofheicthe ar líne Tionchar dearfach ag an Chomhairle ar an phobal trí fheasacht teanga agus teamaí san ábhar fise á roinnt Margaíocht éifeachtach a déanamh tríd an ábhar fise a chur ar scáileán: seisiúin "ceist agus freagra" Úsáid níos mó á baint as ionaid de chuid na Comhairle	ILU Foireann na n- iarsmalanna agus na n-áiseanna cuí IT Cumarsáid agus Margaíocht	Leanúnach

Report to:	Strategy, Policy and Resources Committee
Date of Meeting:	16 November 2023
Subject:	Irish Language Strategy 2024-2027
Reporting Officer (Including Job Title):	Colin Moffett, Head of Corporate Policy
Contact Officer (Including Job Title):	Louise Smith, Irish Language Unit Manager

Confirm how this Report should be treated by placing an x in either:-

	For decision	X	For noting only	
1.0	Purpose and Background			
1.1	<p>The purpose of this report is to consider the consultation analyses and approve the Irish Language Strategy 2024-2027.</p> <p>The consultation analyses and proposed Irish Language Strategy 2024-2027 were previously tabled for consideration at the Strategy, Policy and Resources Committee meeting on 12 October 2023. At this meeting it was agreed to defer decision on the Irish Language Strategy 2024-2027 until a meeting of the Irish Language Working Group be held for further discussions.</p>			
1.2	<p>The draft Irish Language Strategy was prepared by the Irish Language Unit and considered by Council's Corporate Management Team, Senior Management Team and Strategy, Policy and Resources Committee (15 December 2022).</p> <p>It was subject to a 12-week public consultation during the period 20 March 2023 to 12 June 2023. The public consultation utilised the Living Well Together engagement platform, was advertised in the local newspapers, promoted on the Council's social media channels, circulated to our equality consultee list and shared through Council's contacts with Irish language groups and organisations.</p> <p>Appendix I sets out an analysis of the consultation responses while Appendix II is the finalised Irish Language Strategy 2024-2027.</p> <p>The Appendix I report is broken down into 4 parts based on the layout of the survey and looks at the mission, vision and the two strategic objectives with accompanying positive actions. At the end of each part of the report a section containing consultees' comments and suggestions, the Council response, recommendations and matters to be actioned has been included.</p>			
2.0	Key issues			
2.1	<p>Council received seventy responses.</p> <p>The majority of responses were positive with consultees indicating support for the strategy and its positive actions. Whilst there was some opposition to the Irish Language Strategy, in many cases respondents provided positive suggestions for Council's consideration. On</p>			

	occasion suggestions made by respondents were deemed by officers to fall under already identified positive actions.
2.2	<p>The consultation analysis document and updated Irish Language Strategy 2024-2027 was considered at the Council's Irish Language Strategy Cross Party Working Group on 27 September 2023.</p> <p>As noted in section 1.1, at the 12 October 2023 Strategy, Policy and Resources Committee meeting it was agreed to defer decision on the Irish Language Strategy 2024-2027 until a meeting of the Irish Language Working Group be held for further discussions.</p> <p>At a meeting of the Irish Language Strategy Cross Party Working Group on 7 November 2023, Members gave further consideration to consultees' views. Having reviewed and taken onboard feedback it was agreed the Irish Language Strategy 2024-2027 proceed to the Strategy, Policy and Resources Committee for approval by Council.</p>
3.0	Recommendations
3.1	Members are asked to consider and approve the Irish Language Strategy 2024-2027.
4.0	Resource implications
4.1	While it is envisaged the proposed strategy will be delivered within the current allocated resources, the physical and financial resources issues required will be kept under review as the Irish Language Strategy 2024-2027 is implemented.
5.0	Due regard to equality of opportunity and regard to good relations (complete the relevant sections)
5.1	<p><i>General proposal with no clearly defined impact upon, or connection to, specific equality and good relations outcomes</i></p> <p>It is not anticipated the proposal will have an adverse impact upon equality of opportunity or good relations <input type="checkbox"/></p>
5.2	<p><i>Proposal relates to the introduction of a strategy, policy initiative or practice and / or sensitive or contentious decision</i></p> <p>Yes <input checked="" type="checkbox"/> No <input type="checkbox"/></p> <p>If yes, please complete the following:</p> <p>The policy (strategy, policy initiative or practice and / or decision) has been equality screened <input checked="" type="checkbox"/></p> <p>The policy (strategy, policy initiative or practice and / or decision) will be subject to equality screening prior to implementation <input type="checkbox"/></p>

5.3	<p><i>Proposal initiating consultation</i></p> <p>Consultation will seek the views of those directly affected by the proposal, address barriers for particular Section 75 equality categories to participate and allow adequate time for groups to consult amongst themselves <input type="checkbox"/></p> <p>Consultation period will be 12 weeks <input type="checkbox"/></p> <p>Consultation period will be less than 12 weeks (rationale to be provided) <input type="checkbox"/></p> <p><i>Rationale:</i></p>
6.0	<p>Due regard to Rural Needs (please tick all that apply)</p>
6.1	<p>Proposal relates to developing, adopting, implementing or revising a policy / strategy / plan / designing and/or delivering a public service</p> <p>Yes <input checked="" type="checkbox"/> No <input type="checkbox"/></p> <p>If yes, please complete the following:</p> <p>Rural Needs Impact Assessment completed <input checked="" type="checkbox"/></p>
7.0	<p>Appendices</p>
	<p>Appendix I: Irish Language Strategy 2023-2027 Consultation – Analysis of responses Appendix II: Irish Language Strategy 2024-2027</p>
8.0	<p>Background Documents</p>
	<p>N/A</p>

Appendix I: Consultation analysis – draft Irish Language Strategy 2023-2027

Background

Newry, Mourne and Down District Council recognises the Irish language as an integral part of the heritage, identity and cultural life of the district. We have a strong, vibrant, ever-increasing Irish Language community living, working, visiting and socialising in the Council area.

The Council remains committed to the objectives set out in our Bilingualism Policy and have put in place the necessary structures to ensure that the Irish language and Irish language community has a sustainable future.

Building upon our Irish Language Strategy 2020-2023, we have developed an Irish Language Strategy for the period 2023-2027¹ which sets out how the Council will continue to:

- increase the use of Irish language within its functions;
- facilitate the use of the Irish language when communicating with the public and relevant stakeholders; and
- promote and encourage the development of the Irish language across the Council area.

This report presents the findings from a statutory 12-week public consultation on Newry, Mourne and Down District Council's draft Irish Language Strategy 2023-2027 that began on the 20 March 2023 for a twelve-week period.

The public consultation was advertised in local press and through Council's social media channels. Additionally, it was shared through Council's contacts with Irish Language groups and organisations. We also used the Living Well Together engagement platform.

70 responses were received.

¹ This report recommends updating the time period of the Irish Language Strategy to 2024-2027. See recommendations below.

Findings


1. Mission

Respondents were informed of the following twofold mission for the Irish Language Strategy:

- To mainstream the use of Irish Language in the internal administration of Council, and in its dealings with other public bodies and the community.
- To embed equality of opportunity standards, address barriers of access to information and services, promote the development of the Irish Language, and to give leadership in meeting the evidenced needs of existing and emerging Irish language communities within the District.

Respondents were asked:

'Overall do you think this Mission is what the purpose of the Irish Language Strategy should be?'



The following table sets out the specific figures associated with the chart above:

Responses	
Yes	39
No	24
Don't know	0
No answer given	7

Respondents were then given the opportunity to provide further comments in relation to the above. Comments included the following:

- **Background and Context**

"Is údar iontais dúinn é nach dtugtar aon chúlra nó comhthéacs sa straitéis seo agus nach leagtar síos spriocanna intomhaiste maidir le líon na gcainteoirí/úsáideoirí Gaeilge a ardú; ní dhéantar cur síos ar phróifil nó stádas na teanga agus ní thagraítear do na figiúirí daonáirimh is déanaí, rud a thabharfadh bunús agus fianaise láidir d'aon bheartas forásach atá cuimsithe sa straitéis féin agus a bheadh mar thúsphointe maith don Chomhairle le spriocanna intomhaiste a leagadh síos chun tógáil ar na figiúirí seo."

[We are surprised that no background or context is given in this strategy and that measurable targets are not set in relation to increasing the number of speakers/users of Irish; the profile or status of the language is not described or referred to the latest census figures, which would provide a basis and strong evidence for any policy progressive which is included in the strategy itself and which would be a good starting point for the Council with measurable targets set to build on these figures.]

- **Concerns regarding the current Bilingualism Policy not being fulfilled**

"Aithnítear go bhfuil polasaí dátheangachais ag an Chomhairle a thógann ar an choimhlint comhionannais agus a leagann síos coimhlint shoiléir go n-éascófar agus go spreagfar cur chun cinn na Gaeilge agus an Bhéarla, ach tá samplaí ann nuair nach mbíonn an Chomhairle féin fiú i gcónaí ag feidhmiú de réir an pholasaí sin..."

[It is recognised that the Council has a bilingualism policy that builds on the commitment to equality and sets out a clear commitment to facilitate and encourage the promotion of Irish and English, but there are examples where the Council itself does not even always operate in accordance with that policy...]

- **Active Offer**

"Ba cheart tagairt do 'tairiscint ghníomhach' fríd 'seirbhísí iomlána na comhairle' a chur san áireamh anseo, gan aon amhras."

[Reference should be included here to 'Active Offer' though 'all of Council's services', without doubt.]

- **Prioritising the external (community focus) section of the strategy**

"Mothaím gur cheart an tacú sochaí a chur chun tosaigh agus an tacaíocht inmheánach a chur sa dara áit or rud é nach rachaidh sé sin i bhfeidhm ar cheantar an Chomhairle chomh mór sin."

[I feel that societal support should be prioritised and that internal support

should be secondary, as that will not influence the Council District that much.]

- “ní hamháin gur ceart go mbeadh sé mar mhisean ag an straitéis comhshaol tacúil a chruthú do ghnáth-úsáid na Gaeilge go himmheánach, ach go háirithe agus iad ag plé leis an phobal iad féin, ba cheart go mbeadh tagairt éigin ann do chur chun cinn agus forbairt na Gaeilge...”

[not only should it be in the mission to create a supportive environment for the normal use of Irish internally, but especially when dealing with the public themselves, there should be some reference to the promotion and development of the Irish language (i.e. in an external and more general sense)].

- **Equal Linguistic Footing**
An Ghaeilge ar chomhchéim leis an Bhéarla.

[Irish on equal footing with English].

- **Identifying and Removing Barriers**
“Molaim chomh maith go n-aithnítear sa mhisean na constaicí atá roimh phobal na Gaeilge agus go mbeadh sé cuimsithe sa mhisean go rachaidh an Chomhairle i ngleic leis an chlaontacht sin trí chaoifhulaingt agus tuiscint ar an teanga a mhéadú.”

[I also recommend that the mission recognizes the obstacles facing the Irish-speaking community and that it be included in the mission that the Council will tackle that prejudice by increasing tolerance and understanding of the language.]

- **Recognising Current Legislative Requirements**
“Tá tagairt ar bith do chomhlíonadh dhualgais na Comhairle faoin Bhille Féiniúlachta agus Teanga, nó faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlathaithe go hiomlán in easnamh i misean na straitéise seo.”

[Any reference to the fulfilment of the Council's duties under the Identity and Language Bill, or the European Charter for Regional or Minority Languages is completely missing from the mission of this strategy.]

- **Prioritising Visibility of the Irish Language**
“Molaim arís go dtugtar suntas don tábhacht atá le feiceálacht na Gaeilge i bhfís na straitéise seo agus go n-athraítear an fhoclaíocht beagán chun é seo a léiriú...”

[I recommend once again that the importance of Irish language visibility is emphasised in this strategy and that the wording be changed...] *A wording recommendation has been provided by respondent.*


2. Vision

Respondents were informed of the following vision statement for the Irish Language Strategy:

- To establish a sustainable environment which supports and enables the use and development of the Irish language in public, personal, economic and community life.

Respondents were asked:

'Overall do you think this is what the Vision of the Irish Language Strategy should be?'



The following table sets out the specific figures associated with the chart above:

Responses	
Yes	42
No	20
Don't know	0
No answer given	8

Respondents were then given the opportunity to provide further comments in relation to the above. Comments included the following:

- **Prioritising Visibility of the Irish Language**
"More Irish language signs in public places"

- **'Active' and 'Progressing'**

"ba mhaith liom an focal 'gníomhach' agus an focal 'forásach' a chur san áireamh anseo."

[I would like the words 'active' and 'progressive' included here].

- **Including and supporting all**

"Is fiú a luaith go bhfuil sé d'aidhm ag an Chomhairle go mbeidh an tacaíocht seo ann do gach duine sa cheantar beag bán ar a gcuid creidimh, polaitíochta, náisiúntachta srl."

[It is worth mentioning that the Council aims to provide this support to everyone in District regardless of their religion, politics, nationality etc.]

3. Strategic Objectives


Respondents were informed of the following strategic objectives for the Irish Language Strategy:

1. To facilitate, enable and encourage the development of the Irish Language within Newry, Mourne and Down District Council and the District.
2. To effectively engage with the Irish Language Community to strengthen community capacity, encourage collaboration, co-operation and identify appropriate funding opportunities.


Respondents were asked:

'Do you think each of these two strategic objectives are the right ones for the next four years?'

Regarding Strategic Objective 1:



Regarding Strategic Objective 2:



Respondents were then given the opportunity to provide further comments in relation to the above. Comments included the following:

- **Prioritising the external (community focus) section of the strategy**
"I think the second one should be the highest priority and stated first". (i.e. that engagement with Irish Language Community should be prioritised).

- "Aontaím gur ceart go mbeadh forbairt na Gaeilge mar thosaíocht sna cuspóirí straitéiseacha, ach fosta, measaim gur ceart go mbeadh tagairt ann d'fhorbairt agus do chumasú an phobail féin."

[I agree that the development of the Irish language should be a priority in the strategic objectives, but also, I think there should be a reference to the development and empowerment of the community itself.]

- **Engaging the Irish Language Community Regularly**
"Ní hamháin gur ceart go mbeadh teagmháil éifeachtúil ag an Chomhairle le pobal na Gaeilge, ach ba cheart go ndéantar an teagmháil seo ar bhonn rialta. Ba cheart fosta go leagann an chuspóir straitéiseach seo amach sprioc chun ábaltacht an phobail a neartú agus a fhorbairt."

[Not only should the Council have effective contact with the Irish-speaking community, but this contact should be made on a regular basis. This strategic

objective should also set out a goal to strengthen and develop community capacity].

- **Engaging New Learners**

"Why just mention the Irish language community? surely this should engage with everyone especially those that want to learn!"

- **Providing Translation services for Community Groups**

"Good reliable translation services required within the Council at no extra cost to the projects concerned"

- **Proposal of a New Objective To Reflect Legislative Requirements**

"Molaimid chomh maith go gcuirtear cuspóir straitéiseach sa bhreis leis an mhéid atá sa dréacht-straitéis cheana féin, mar atá luaite thuas, a aithníonn agus a leagann amach cuspóir nó coimhínt shoiléir do dhualgais na Comhairle..." (Luann an freagróir an Chairt Eorpach agus an tAcht um Féin-iúlacht agus Teanga, 2022).

[We also recommend that a strategic objective is added to those already in the draft strategy, as mentioned above, which recognizes and sets out a clear objective or commitment to the duties of the Council..." (The respondent cites the European Charter and the Identity and Language Act, 2022).]

- **Proposal of a New Objective To Build Tolerance And Understanding**

"Mothaimid, mar sin, go bhfuil deis sa straitéis seo mír ardaithe feasachta agus eolais a chuimsiú, ag cur dearcthaí dearfacha chun cinn i leith na Gaeilge agus dá bharr, ag cur leis an chaoifhulaingt."


[We feel, therefore, that there is an opportunity in this strategy to raise awareness and knowledge about inclusion, promoting positive attitudes towards the Irish language and consequently, contributing to tolerance.]

4. Positive Actions

Respondents were informed of the Positive Actions associated with the Irish Language Strategy through the draft documentation published during the consultation.

Respondents were asked:

'Thinking about the proposed positive actions, overall do you think they will help meet the two strategic objectives of the Irish Language Strategy?'



